Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Iúil 2023**
**(OR. en)**

**11754/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0225(NLE)**

**JAI 994**
**FRONT 228**
**VISA 143**
**SIRIS 56**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Iúil 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 387 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú an Chomhaontaithe, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le rialacha forlíontacha i ndáil leis an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais don bhainistiú teorainneacha agus don bheartas víosaí, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 387 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 387 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.7.2023
COM(2023) 387 final

2023/0225 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le síniú an Chomhaontaithe, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le rialacha forlíontacha i ndáil leis an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais don bhainistiú teorainneacha agus don bheartas víosaí, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

I mí an Mheithimh 2018, thug an Coimisiún togra ar aghaidh le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais don bhainistiú teorainneacha agus do víosaí [COM(2018/473)].

Glacadh Rialachán (AE) 2021/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí don tréimhse 2021-2027 (dá ngairtear 'an Rialachán maidir leis an Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí' (Rialachán IBTV) anseo feasta) an 7 Iúil 2021.

Is é is cuspóir don Rialachán IBTV dlúthpháirtíocht a léiriú trí mhaoiniú a thabhairt do na (Ball)Stáit sin a chuireann forálacha *acquis* Schengen maidir le teorainneacha seachtracha i bhfeidhm. Is forbairt é ar *acquis* Schengen a bhfuil na tíortha atá comhlachaithe le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt tuilleadh rannpháirteach ann ('tíortha atá comhlachaithe le Schengen' nó 'tíortha comhlachaithe').

Ina theannta sin, thug an Coimisiún togra [COM(2018) 375] chun cinn chun creat d'fhorálacha coiteanna is infheidhme maidir le seacht gciste faoi bhainistíocht chomhroinnte a bhunú, lena n-áirítear IBTV. Glacadh Rialachán (AE) 2021/1060 ('Rialachán na bhForálacha Coiteanna' anseo feasta) an 24 Meitheamh 2021.

An 17 Nollaig 2021, thug Ríocht na hIorua fógra faoina cinneadh glacadh le hábhar Rialachán IBTV agus é a chur chun feidhme ina dlíchóras inmheánach. Déanann an Coimisiún an togra seo a thíolacadh sula bhfuil fógra faighte aige ón Iorua maidir lena ceanglais bhunreachtúla a chomhlíonadh ionas nach ngiorrófar an t-am a gcuirtear an Rialachán IBTV i bhfeidhm san Iorua. I gcomhréir le haithris 75 de Rialachán IBTV, ba cheart an socrú sin a thabhairt i gcrích tar éis don tír lena mbaineann a chur in iúl i scríbhinn go bhfuil a ceanglais inmheánacha uile á gcomhlíonadh.

Foráiltear le mír 6 d'Airteagal 7 de Rialachán IBTV gur cheart 'socruithe' a dhéanamh chun cineál agus modhanna rannpháirtíochta na dtíortha atá comhlachaithe le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt i IBTV a shonrú, i gcomhréir le forálacha ábhartha na gcomhaontuithe comhlachais faoi seach. Is i bhfoirm comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas le tíortha comhlachaithe Schengen i gcomhréir le hAirteagal 216 CFAE atá na socruithe sin.

Ba cheart go saineofaí sna comhaontuithe freisin an ranníocaíocht airgeadais ó na tíortha sin le buiséad an Aontais le haghaidh IBTV. Ba cheart na ranníocaíochtaí airgeadais a ríomh i gcomhréir le holltáirgeacht intíre gach tíre comhlachaithe mar chéatadán d'olltáirgeacht intíre na stát rannpháirteach uile.

De bhua chomhaontuithe comhlachais Schengen, ní mór do na tíortha comhlachaithe glacadh go hiomlán le bearta an Aontais, lena n-áirítear Rialachán IBTV, lena gcuirtear le *acquis* Schengen nó é a fhorbairt.

Ba cheart buiséad an Aontais a leithdháiltear ar IBTV a chur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 (dá ngairtear an 'Rialachán Airgeadais' anseo feasta). Ní mór do thíortha comhlachaithe Schengen na bearta is gá a dhéanamh freisin chun a áirithiú go gcomhlíonfar na forálacha is ábhartha maidir le bainistiú agus rialú airgeadais a leagtar síos sa CFAE agus i ndlí an Aontais a fhaigheann a bhunús dlí ó CFAE.

A mhéid a bhaineann le Rialachán na bhForálacha Coiteanna, níl na forálacha agus na hIarscríbhinní uile ábhartha maidir le IBTV. Thairis sin, ní mór cur i bhfeidhm na bprionsabal

a leagtar síos i roinnt forálacha de Rialachán na bhForálacha Coiteanna a choigeartú chun stádas thíortha comhlachaithe Schengen a léiriú.

Tugann na comhaontuithe sásraí sonracha isteach freisin chun coigeartuithe tapa a dhéanamh ar na comhaontuithe, i gcás athruithe ar phríomhreachtaíocht an Aontais atá ábhartha don chur chun feidhme, amhail an Rialachán Airgeadais agus Rialachán na bhForálacha Coiteanna.

Ba cheart a áirithiú leis na comhaontuithe go gcuirfear san áireamh san athbhreithniú meántéarma ar IBTV rannpháirtíocht mhoillithe na dtíortha atá comhlachaithe le Schengen.

Maidir le rialuithe buiséadacha agus airgeadais, tá na Ballstáit faoi réir oibleagáidí cothrománacha (e.g. inniúlacht na Cúirte Iniúchóirí, inniúlacht na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF), inniúlacht OIPE agus inniúlacht an Choimisiúin), bíodh sin go díreach nó ó reachtaíocht thánaisteach an Aontais, lena n-áirítear Rialachán na bhForálacha Coiteanna mar a luaitear thuas. Tá feidhm ag na hoibleagáidí sin maidir leis na Ballstáit ipso facto agus dá bhrí sin níl siad leagtha síos i Rialachán IBTV. Dá bhrí sin, ní mór na hoibleagáidí sin a leathnú chuig na tíortha comhlachaithe tríd an gComhaontú lena mbaineann an togra seo.

Tá foráil sna comhaontuithe freisin maidir leis an gCóras Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS). Tá gá leis sin i bhfianaise Airteagal 86 de Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1077/2011, (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/1624 agus (AE) 2017/2226, ina sonraítear go sannfar do bhuiséad an Aontais aon ioncam eile a ghinfidh ETIAS tar éis costais a oibrithe agus a chothabhála a chumhdach. Chun Airteagal 86 de Rialachán (AE) 2018/1240 a chur i bhfeidhm go cothrom maidir le gach Stát rannpháirteach sa Rialachán sin, ba cheart ranníocaíocht na dtíortha comhlachaithe le saoráid théamach na hIonstraime a laghdú go comhréireach má shanntar agus nuair a shannfar an t-ioncam atá fágtha do bhuiséad an Aontais.

Ba cheart don Aontas comhaontuithe a thabhairt i gcrích le gach ceann de na ceithre thír atá comhlachaithe le Schengen. Baineann an togra seo leis an gcomhaontú leis an Iorua.

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Is é is cuspóir don togra seo comhaontú a thabhairt i gcrích idir an tAontas agus an Iorua maidir le rannchuidiú na tíre sin chuig an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí don tréimhse 2021-2027 agus maidir leis na rialacha forlíontacha is gá don rannpháirtíocht sin. Baineann sé leis an tríú glúin den chineál seo socraithe.

### • Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Neamhbhainteach.

### • Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Neamhbhainteach.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

### • Bunús dlí

Tá an togra seo chun an Comhaontú a shíniú bunaithe ar Airteagail 77(2) agus 218(5)(a) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

I gcomhréir le hAirteagal 3(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus dá dtagraítear in Airteagal 7(6) de Rialachán (AE) 2021/1148, tagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais agus dá bhrí sin níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Tá gá leis an togra seo chun an ceanglas a chumhdaítear in Airteagal 7(6) de Rialachán (AE) Uimh. 2021/1148 a chur chun feidhme trína ndéanfar socruithe le tíortha atá comhlachaithe le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt chun cineál agus modhanna a rannpháirtíochta san Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, a shonrú.

- **An rogha ionstraime**

Neamhbhainteach.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Neamhbhainteach.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Neamhbhainteach.

- **Measúnú tionchair**

Neamhbhainteach, ós rud é go bhfuil an togra nasctha le bainistiú an chláir agus go bhfuil sé dírithe ar chomhaontú idirnáisiúnta a shíniú, comhaontú a caibidlíodh ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta arna mbunú ag an gComhairle. Leanfaidh an Iorua na rialacha a shainítear sa Rialachán lena mbunaítear an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí, agus sna hairteagail is infheidhme de Rialachán na bhForálacha Coiteanna agus den Rialachán Airgeadais mar an gcéanna le Ballstáit an Aontais.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach.

- **Cearta bunúsacha**

Neamhbhainteach.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

In Airteagal 10 agus san Iarscríbhinn a ghabhann leis an dréacht-Chomhaontú, tugtar tuairisc ar na forálacha a bhaineann le ranníocaíochtaí airgeadais bliantúla na tíre comhlachaithe le buiséad an Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Beidh feidhm ag gach ceanglas faireacháin, tuairiscithe, feidhmíochta agus meastóireachta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/1048 maidir leis an Iorua.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Níl gá leis.

I bhfianaise na mbreithnithe thuasluaite, molann an Coimisiún go gcinnfidh an Chomhairle go ndéanfar an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais agus go n-údaróidh sé d'Uachtarán na Comhairle an duine nó na daoine a cheapadh a chumhachtófar go cuí chun é a shíniú thar ceann an Aontais.

Tá togra ar leithligh déanta ag an gCoimisiún le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le rialacha forlíontacha i ndáil leis an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais don bhainistiú teorainneacha agus don bheartas víosaí, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, don tréimhse 2021 go 2027[1]. Glacfaidh an Chomhairle an Cinneadh sin i ndiaidh toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa.

[1] COM(2023) 386

2023/0225 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le síniú an Chomhaontaithe, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le rialacha forlíontacha i ndáil leis an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais don bhainistiú teorainneacha agus don bheartas víosaí, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 77(2) de, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 21 Feabhra 2022, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht[2] leis an Íoslainn, le Ríocht na hIorua, le Cónaidhm na hEilvéise agus le Prionsacht Lichtinstéin i ndáil leis na socruithe maidir le ranníocaíochtaí airgeadais na dtíortha comhlachaithe agus leis na rialacha forlíontacha is gá chun go mbeidh siad rannpháirteach, lena n-áirítear forálacha lena n-áirithítear cosaint leasanna airgeadais an Aontais agus cumhachtaí iniúchóireachta na Cúirte Iniúchóirí, atá le tabhairt i gcrích de bhun Rialachán (AE) 2021/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3]. Tugadh an chaibidlíocht le Ríocht na hIorua i gcrích go rathúil trí inisealacha a chur leis an gComhaontú an 14 Feabhra 2023.

(2) Cuireann Rialachán (AE) 2021/1148 le *acquis* Schengen, agus chinn an Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 4 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh an Rialachán sin a chur chun feidhme ina dlí náisiúnta. I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo, agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(3) Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle[4]. dá bhrí

---

2 Cinneadh (AE) 2022/442 ón gComhairle an 21 Feabhra 2022 lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht leis an Íoslainn, Ríocht na hIorua, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin d'fhonn Comhaontuithe a thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus na tíortha sin maidir le rialacha forlíontacha i ndáil leis an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha (IO L 90, 18.3.2022, lch. 116).

3 Rialachán (AE) 2021/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 251, 15.7.2021, lch. 48).

4 Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le rialacha forlíontacha i ndáil leis an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais don bhainistiú teorainneacha agus don bheartas víosaí, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, don tréimhse 2021 go 2027, a fhormheas thar ceann an Aontais Eorpaigh, faoi réir an Comhaontú sin a thabhairt i gcrích.

Tá téacs an Chomhaontaithe atá le síniú i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Déanfaidh Ard-Rúnaíocht na Comhairle an ionstraim lánchumhachtaí a bhunú chun an Comhaontú a shíniú, faoi réir a thabhairt i gcrích, don duine nó do na daoine a shonróidh an Coimisiún.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*